**2008. S72T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH- TRATHNÓNA 1.30 – 3.00

Uimhir an Ionaid ☐

Scrúduimhir ☐

**TREORACHA**

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**

2. Freagair **gach ceist** i Roinn1 (18 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 mharc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
   Iomlán (80 marc)

3. **Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

| **Don scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** |
| **Roinn 1** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| **Roinn 2** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **Roinn 3** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| **Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh** | | |
| **Bónasmharc d'fhreagairt trí Ghaeilge** | | |
| **MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh** | | |

**ROINN 1**

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

**1.** Grianghraif iad seo thíos de cheathrar polaiteoirí ar baill den Chomhaireacht iad faoi láthair, nó ar bhaill den Chomhaireacht iad roimhe seo, i rialtas na hÉireann.

Sa spás atá ann dó, scríobh síos ainm an pholaiteora a ghabhann le gach pictiúr.



(a) Ainm:____________________



(b) Ainm:___________________



(c) Aire: ________________________



(d) Aire: ________________________

(8 marc)

**2.** (a) **Cé acu duine díobh seo a leanas arb é Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe é?**

Cuir tic[ ✓ ] sa bhosca os comhair an AON ainm AMHÁIN is dóigh leat is ceart.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | John Bruton | [ ] | (iii) | Gordon Brown | [ ] |
| (ii) | Ban Ki-Moon | [ ] | (iv) | José Manuel Barroso | [ ] |

(b) **Cé mhéad Dáilcheantar atá ann faoi láthair?**

Cuir tic [ ✓ ] sa bhosca os comhair an AON uimhir AMHÁIN is dóigh leat is ceart.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | 13 | [ ] | (iii) | 43 | [ ] |
| (ii) | 26 | [ ] | (iv) | 50 | [ ] |

(c) **Tionóltar cruinniú de Pharlaimint na hEorpa gach mí sa Bhruiséil agus i gcathair Eorpach eile chomh maith. Ainmnigh an chathair Eorpach eile.**

Cuir tic [ ✓ ] sa bhosca os comhair an AON chathair AMHÁIN eile is dóigh leat atá i gceist.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | Londain | [ ] | (iii) | Budapeist | [ ] |
| (ii) | Prág | [ ] | (iv) | Strasbourg | [ ] |

(d) **Cén foirgneamh ina dtagann an Dáil agus Seanad le chéile de ghnáth?**

Cuir tic [ ✓ ] sa bhosca os comhair an AON fhoirgneamh AMHÁIN is dóigh leat is ceart.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) | Ardoifig an Phoist | [ ] | (iii) | Áras an Uachtaráin | [ ] |
| (ii) | Stormont | [ ] | (iv) | Teach Laighean | [ ] |

(4 mharc)

**3.** **Comhlánaigh gach ceann de na habairti seo a leanas.**

(a) Is é a thugtar ar an ionad ina gcaitear vótaí i dtoghchán ná s______________ v__________.

(b) Is é a thugtar ar vóta chun Bunreacht na hÉireann a athrú ná r____________

(c) Is é a thugtar ar an Leas-Phríomh-Aire ná An T________________.

(d) C___________ C________________a thugtar ar an té a choimeádann smacht le linn díospóireachtaí i nDáil Éireann.

(e) Máire Mhic Giolla Íosa is ainm d'U_____________ na hÉ_____________.

(f) Is í an ch__________ siombail náisiúnta na hÉireann agus feictear í ar gach litir agus clúdach litreach de chuid an rialtais.

(6 mharc)

**ROINN 2**

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1. Trádáil Chóir**

**Déan scrúdú ar an póstaer, *Trádáil Chóir*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Trádáil Chóir* – Póstaer le haghaidh Roinn 2, Ceist 1.**

**Tar éis duit scrúdú a dhéanamh ar an póstaer seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cad a dhearbhaíonn Comhartha na Trádála Córa?

________________________________________

Luaigh **DHÁ** rud a chiallíonn Trádáil Chóir de réir an phóstaera.

An chéad rud ____________________________________

An dara rud ____________________________________

(3 mharc)

(b) Cén eagraíocht a chuir an póstaer seo ar fáil?

________________________________________

(1 mharc)

(c) Ainmnigh **DHÁ** tháirge de chuid na Trádála Córa is féidir a cheannach in Éirinn.

An chéad tháirge ____________________________________

An dara táirge ____________________________________

(2 mharc)

(d) Luaigh **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh an RANG OSSP agatsa a thógaint chun táirgí de chuid na Trádála Córa a chur chun cinn i do scoilse.

An chéad ghníomh ____________________________________

________________________________________

________________________________________

An dara gníomh ____________________________________

________________________________________

________________________________________

(4 mharc)

(e) *'Sula mbíonn do bhricfeasta ite ar maidin agat, tá tú faoi chomaoin ag breis is leath an domhain. Sin mar atá an domhan againne leagtha amach. Ní bheidh síocháin ar domhan againn go dtí go n-athnímid an fhíric bhunúsach seo.'*

Martin Luther King Jr.

Cad é go díreach a bhfuil Martin Luther King Jr. ag iarraidh a chur abhaile orainn, dar leat, sa ráiteas thuas?

(4 mharc)

**2. <u>Ombudsman do Leanaí</u>**

**Déan scrúdú ar an mbileog, *Ombudsman do Leanaí,* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Ombudsman do Leanaí* – Bileog le haghaidh Roinn 2, Ceist 2.**

**Tar éis duit scrúdú a dhéanamh ar an mbileog seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cé hé/hí an t-Ombudsman do Leanaí?

Ainmnigh an tAcht a bhunaigh an Oifig Ombudsman do Leanaí.

Cad é aidhm an Ombudsman do Leanaí?

(3 mharc)

(b) Cad iad príomhréimsí oibre an Ombudsman?

________________________________________________

________________________________________________

Cad é seoladh ríomhphoist Oifig an Ombudsman do Leanaí?

________________________________________________

(2 mharc)

(c) Rith na NA Comhshocrú ar Chearta an Linbh sa bhliain 1989 chun go dtabharfaí cosaint bhreise do leanaí. Luaigh **TRÍ CINN** de na cearta seo.

An chéad cheart________________________________________

An dara ceart________________________________________

An tríú ceart________________________________________

(3 mharc)

(d) Luaigh **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh **DO SCOILSE** a dhéanamh chun go dtabharfaí éisteacht do thuairimí na ndaltaí.

An chéad ghníomh ________________________________________

An dara gníomh________________________________________

(2 mharc)

(e) Shínigh Éire Comhshocrú na NA i Meán Fómhair na bliana 1992 agus ní mór di anois éisteacht a thabhairt do ghuthanna leanaí agus daoine óga.
Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomhaíocht a d'fhéadfadh **RIALTAS NA hÉIREANN** a eagrú chun a chinntiú go dtabharfaí éisteacht do ghuthanna agus do thuairimí daoine óga.

An chéad ghníomhaíocht ____________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

An dara gníomhaíocht ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

**3. An Feachtas 'Cannaigh é'**

**Déan staidéar ar leathanach gréasáin *Cannaigh é* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Feachtas Cannaigh é*– Leathanach gréasáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 3**

**Tar éis duit scrúdú a dhéanamh ar an leathanach gréasáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén fhadhb chomhshaoil atá á plé ar an suíomh gréasáin seo?

______________________________________________

Cad é an seoladh ríomhphoist?

______________________________________________

Cad é cuspóir shuirbhé na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann?

______________________________________________

(3 mharc)

(b) Cuireann an leathanach gréasáin seo **TRÍ** chéim chun cinn d'úsáideoirí guma coganta atá stuama. Cad iad?

(i) ________________ (ii) ________________ (iii) ________________

(3 mharc)

(c) Seachas bruscar a bheith ar ár gcuid sráideanna, ainmnigh **DHÁ** fhadhb chomhshaoil eile atá againn in Éirinn.

An chéad fhadhb ______________________________________________

An dara fadhb______________________________________________

(2 mharc)

(d) Luaigh **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh an **RANG OSSP** agatsa a dhéanamh a chabhródh chun bruscar a laghdú i do scoilse.

An chéad ghníomh______________________________________________

An dara gníomh______________________________________________

(2 mharc)

(e) Luaigh agus mínigh **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh an **RIALTAS** a dhéanamh a chabhródh chun fadhb an bhruscair in Éirinn a laghdú.

**Níl cead agat aon ghníomh a úsáid atá luaite cheana agat.**

An chéad ghníomh______________________________________________

Míniú______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

An dara gníomh______________________________________________

Míniú______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

4. **<u>Féinchabhair in Gogne, Eritrea</u>**

**Déan scrúdú ar an Alt Nuachtlitreach *Féinchabhair in Gogne, Eritrea* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Féinchabhair in Gogne, Eritrea* – Alt Nuachtlitreach le haghaidh Roinn 2, Ceist 1.**

**Tar éis duit scrúdú a dhéanamh ar an Alt Nuachtlitreach, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén eagraíocht Éireannach a rinne an togra in Gogne?

______________________________________________

De réir an Ailt Nuachtlitreach, cé mhéad duine a bhfuil cónaí orthu in Gogne?

______________________________________________

(2 mharc)

(b) Cén fhadhb a bhí ann do mhuintir Gogne?

______________________________________________

Cad a rinne an togra, le cabhair na ndaoine?

______________________________________________

Cén fáth ar tháinig athrú ar chostas uisce nuair a d'éirigh leis an togra?

______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

(c) Ainmnigh **DHÁ** eagraíocht Éireannach eile a oibríonn le pobail sa Domhan Forbarthach.

An chéad eagraíocht ______________________________

An dara eagraíocht ______________________________

(2 mharc)

(d) Le fada an lá tá iarrtha ag Bono agus ag Bob Geldof ar rialtais dhomhanda fiacha sna tíortha forbarthacha a chealú. Cén fáth a bhfuil siad ag iarraidh ar rialtais dhomhanda é seo a dhéanamh?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(2 mharc)

(e) Seachas ciste airgid a bhailiú, mol **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh **AN RANG OSSP AGATSA** a dhéanamh chun cabhrú le pobal sa Domhan Forbarthach.

An chéad ghníomh ____________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

An dara gníomh ______________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(4 mharc)

**ROINN 3**
**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**
**Tá leathanach bán le haghaidh ceisteanna na gcuirí/na bpóstaer ar chúl an fhreagarleabhair seo.**
**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar an bhFeitheoir é, le do thoil.**

**1.**




**<u>Comóradh 40 bliain Bhás Martin Luther King</u>**

Dúnmharaíodh Martin Luther King in Memphis, Tennessee ar an 4 Aibreán 1968. Tá cáil air de bharr a chuid oibre ar son chearta daonna na ngormach i Stáit Aontaithe Mheiriceá.
Tá beartaithe ag an rang OSSP agatsa go dtabharfadh aoichainteoir caint ar ócáid chomórtha bhás Martin Luther King 40 bliain ó shin.

(a) Dear cuireadh a sheolfá chuig tuismitheoirí agus baill den phobal lena mbaineann tú, ag tabhairt cuiridh dóibh teacht chun na cainte seo. Ba chóir go mbeadh ar a laghad **TRÍ** bhlúire eolais ar fáil ann ar gá go mbeidh eolas ag tuismitheoirí agus ag baill den phobal lena mbaineann tú orthu.
(Tá leathanach bán le haghaidh an chuiridh ar fáil ar chúl an fhreagarleabhair seo.)
(6 mharc)

(b) Luaigh **TRÍ** ghrúpa a mbeadh ar an rang OSSP agatsa a chur ar bun chun an ócáid seo a eagrú.
Déan cur síos go mion ar an obair a bheadh ar bun ag gach grúpa díobh. (6 mharc)

(c) Scríobh alt don iris scoile agatsa ag tabhairt míniú ar an gcúis a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tacaíocht á tabhairt ag daltaí don ócáid seo. Ba chóir go mbeadh **TRÍ** chúis ar a laghad ar fáil san alt agatsa. (8 marc)

**2.**




**<u>Lá Idirnáisiúnta na mBan</u>**

Déantar Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh ar an 8 Márta gach bliain.Tá beartaithe ag an rang OSSP agatsa Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh.

(a) Scríobh óráid ghairid le haghaidh tionól scoile ag míniú cén fáth a bhfuil sé tábhachtach Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh. Ba chóir go dtabharfá **DHÁ** chúis a gceapann an rang agatsa go bhfuil sé seo tábhachtach. (6 mharc)

(b) **Dear póstaer**: tá súil ag an rang OSSP agatsa go nglacaidh daltaí uilig na scoile páirt i gcomóradh Lá Idirnáisiúnta na mBan. Tá sé beartaithe an an rang póstaer a dhearadh a chuirfí ar taispeáint sa scoil. Breac síos **TRÍ** phríomhghiota eolais a bheadh agat ar an bpóstaer, agus dear an póstaer ar an leathanach bán ar chúl an fhreagarleabhair seo.
(6 mharc)

(c) Déan cur síos ar **THRÍ** thasc a chaithfeadh an rang OSSP agatsa a dhéanamh chun comóradh Idirnáisiúnta na mBan a eagrú agus a rith.
(8 marc)

**3.** 

**<u>Forbairt Mótarbhealaí</u>**

Tá fógartha ag an Údarás um Bhóithre Náisiúnta (ÚBN) go bhfuil mótarbhealach nua le tógáil. Gabhann an bealach atá roghnaithe trí cheantar ina mbeadh fiadhúlra tábhachtach faoi bhagairt. Tá beartaithe agat féin agus ag baill den phobal lena mbaineann tú feachtas a chur ar bun chun go roghnófaí malairt cúrsa don mhótarbhealach.

(a) Scríobh litir chuig do Chomhairleoir áitiúil ag cur i gcoinne an chúrsa atá leagtha amach tríd an gceantar comhshaoil seo. Sa litir bíodh **TRÍ** argóint agat i gcoinne an chúrsa atá roghnaithe.

(6 mharc)

(b) Seachas litreacha a scríobh, déan cur síos ar **THRÍ** ghníomh a d'fhéadfadh an pobal agatsa a dhéanamh mar chuid den fheachtas chun go mbeadh cúrsa eile ann le haghaidh an mhótarbhealaigh.

(6 mharc)

(c) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** scil a d'úsáidfeá agus tú i mbun feachtais in aghaidh fhorbairt an mhótarbhealaigh atá molta.

**4.**

plainéad an domhain
Domhaneolaíochtaí don tSochaí

**<u>Bliain Idirnáisiúnta Phlainéad an Domhain</u>**

Is é 2008 Bliain Idirnáisiúnta Phláinéad an Domhain ag na NA.
Tá súil ag na NA daoine a chur ar an eolas mar gheall ar athrú aeráide agus ar fhorbairt inbhuanaithe.

Tá beartaithe ag an rang OSSP agatsa suíomh gréasáin a fhorbairt chun daoine a chur ar an eolas faoi na ceisteanna seo.

(a) Ainmnigh **DHÁ** eagraíocht chomhshaoil a rachadh an rang OSSP agatsa i dteagmháil leo agus a chabhródh libh chun tuiscint níos fearr a bheith agaibh ar athrú aeráide. Mínigh cén fáth a bhfuil an dá eagraíocht seo roghnaithe agat.

(6 mharc)

(b) Tá athrú aeráide bainteach le forbairt inbhuanaithe a chinntíonn nach gcuirfidh na daoine a bhaineann úsáid as acmhainní an domhain inniu teora leis an úsáid a mbeifear ábalta a bhaint astu sa todhchaí.
Déan cur síos ar **THRÍ** rud a chuirfeá ar do shuíomh gréasáin ag taispeáint cad a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní an domhain sa lá atá inniu ann.

(6 mharc)

(c) Scríobh réamhrá le haghaidh leathanach baile an tsuímh ghréasáin agat. Bíodh mana agus **DHÁ** bhlúire eolais eile mar gheall ar na fadhbanna a bhfuil Pláinéad an Domhain i ngleic leo inniu san áireamh agat.

(8 marc)

**Cuir tic [ ✓] leis an gceist as Roinn 3 a fhreagraíonn tú, le do thoil.**

**C. 1** ☐ **C. 2** ☐ **C. 3** ☐ **C. 4** ☐

**Chun an cheist ar an gCUIREADH/bPÓSTAER [*C1(a) nó C2(b)*] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**

Leathanach Bán